Treoirlínte Chomhar Creidmheasa Cholm Cille Teo maidir le Ciste Pobail an Chomhair Chreidmheasa don bhliain 2025.

Má tá aon cheist nó tuilleadh eolais uait, déan teagmháil linn ar ríomhphost ag: eolas@cccholmcille.ie

**Réamhrá:**

Tuigeann Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo go bhfuil tábhacht as cuimse ag baint leis na pobail áitiúla mar acmhainn dúinne agus chun aitheantas a thabhairt dó seo, bhunaigh an Comhar Creidmheasa Ciste Pobail don chéad uair in 2024 chun tacaíocht airgeadais a thabhairt do ghrúpaí pobail agus eagraíochtaí chun tograí a mhaoiniú. Tá Ciste Pobail de €50,000 á fhógairt arís i mbliana.

**Cuspóir:**

Is é an cuspóir atá leis an gCiste Pobail seo ná grúpaí deonacha agus pobail a spreagadh chun páirt ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt na bpobal ina bhfuil siad lonnaithe agus chun gnéithe eacnamaíochta, pobail agus cultúir/oidhreachta an cheantair a fheabhsú trí mhaoiniú a chur ar fáil do thograí a théann chun leasa don phobal i gcoitinne.

Ba mhaith leis an gComhar Creidmheasa cúnamh a thabhairt chun togra/tograí éigin a chur chun cinn a bheadh chun leasa an phobail agus go mbeadh an tionchar mór a bhí ag an gComhar Creidmheasa chun an tionscadal/na tionscadail a thabhairt chun críche le feiceáil go soiléir.

**Téarmaí agus Coinníollacha an Chiste Pobail**

**Cé mhéad a mhaoinítear?**

Is €50,000 an tsuim iomlán atá i gciste pobail an Chomhair Chreidmheasa agus tá critéir leagtha síos maidir leis na cineálacha tograí ar mhian leis an gComhar Creidmheasa maoiniú a chur ar fáil dóibh. Braitheann sé go hiomlán ar na cineálacha iarratas a thagann ón bpobal agus ní bheidh an Comhar Creidmheasa ag ceadú aon chuid den chiste seo d'eagrais phobail mura bhfuil an togra/na tograí inmharthana **ó thaobh airgeadais agus inbhuanaithe go fadtéarmach.**

Chun inmharthanacht airgeadais tograí a mheas go hiomlán, ní mór d'iarratasóirí freisin, aon mhaoiniú breise ó áisíneachtaí nó ón rialtas nó tacaíocht deontais a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí a chur in iúl.

**Cé hiad na dreamanna ar féidir leo cur isteach ar an scéim?**

Aon ghrúpa pobail nó grúpa deonach agus eagraíochtaí neamhbhrabúis atá cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim mar Eagraíocht Dheonach Neamhbhrabúis nó mar Charthanacht agus a chuireann tionscnaimh phobail i gcrích a théann chun leasa an phobail. Ní mór d'iarratasóirí a bheith lonnaithe i gceantar feidhme an Chomhair Chreidmheasa. **Ní cheadaítear iarratais ar mhaoiniú ó dhaoine aonair nó ó ghnóthaí aonair.**

**Cad iad na cineálacha tograí a nglactar leo?**

Is iad na cineálacha tograí a dtabharfar maoiniú dóibh ná iad siúd a bhfuil sé mar chuspóir acu forbairt inmharthana eacnamaíochta, pobail agus cultúir/oidhreachta a chothú. Ní mór do thograí cloí leis na coinníollacha ginearálta seo a leanas:

a) Ní mór riachtanas aitheanta a bheith léirithe sna hiarratais agus ní mór dóibh dul chun leasa don phobal sa mheántéarma agus go fadtéarmach.
b) Ní mór don eagraíocht a bheith ábalta a chruthú go mbeidh sé ar chumas na heagraíochta 20% de chostas an togra a mhaoiniú. Ní chuirfidh an CC níos mó ná 80% de chostas iomlán an togra ar fáil d'aon eagraíocht.
c) Cuirfear maoiniú ar fáil do chaiteachas caipitiúil amháin. **Ní féidir gnáthchostais feidhmiúcháin a mhaoiniú, lena n-áirítear, pá, fóntais agus árachas**.
d) Glacfar le hiarratais ar an gciste seo ó eagrais a chuireann isteach ar íosmhéid de €10,000. (Tá an t-íosmhéid seo leagtha síos de bhrí go bhfuil an Comhar Creidmheasa ag iarraidh go mbeidh tionchar suntasach ag an maoiniú, a chuirfidh muid ar fáil dóibh, ar na tograí a roghnófar).
e) Cinnteoidh an Comhar Creidmheasa go mbíonn tograí pobail a dtugtar maoiniú dóibh ag teacht le héiteas agus luachanna ghluaiseacht na gcomhar creidmheasa agus go gcuirfear an maoiniú ar fáil ar bhealach féaráilte agus cothrom ar fud an cheantair feidhme ar fad.

**Conas iarratas a dhéanamh:**

f) Ní mór na hiarratais ar fad a dhéanamh ar an bhFoirm Iarratais Oifigiúil leis na cáipéisí tacaíochta riachtanacha ar fad-ní ghlacfar le hiarratais neamhiomlána.
g) Ní féidir le hiarratasóirí níos mó ná iarratas amháin a dhéanamh i leith an Chiste Pobail seo.
h) Ní mór do gach iarratas a bheith faighte ar an dáta deiridh nó roimhe – ní dhéanfar aon eisceacht.
i) Ní mór do gach iarratas cloí leis na riachtanais cháilitheachta – cuirfear iarratasóirí neamhcháilithe ar an eolas.
j) Ní mór, plean cuimsitheach a chur ar fáil, maidir leis an togra. Ní foláir é a bheith soiléir maidir leis an gcostas atá i gceist chun an togra a thabhairt chun críche, Beidh sé an-tábhachtach chomh maith go mbeadh sé le feiceáil go bhfuil an togra inmharthana ar bhonn airgeadais.
k) De bharr gurb í an Ghaeilge an teanga a úsáideann an Comhar Creidmheasa go laethúil, bheadh muid ag súil go ndéanfar iarratais ar an gCiste seo trí mheán na Gaeilge.

**Meastacháin:**

Ní mór d'iarratasóirí atá ag cur isteach ar an gCiste Pobail seo meastachán a dhéanamh ar an gcaiteachas agus ní mór sonraí na meastachán sin a chur san áireamh san iarratas. (Moltar 3 cinn más féidir). Iarrann an Comhar Creidmheasa ar iarratasóirí 'Ábhar a cheannach go hÁitiúil' nuair is féidir mar go bhféadfadh sé seo difríocht mhór a dhéanamh don gheilleagar áitiúil.

**Conas a dhéanfar measúnú ar m'iarratas?**

- **Ceadófar an maoiniú i ngach cás bunaithe ar an eolas a chuirtear ar fáil, an cuspóir atá leis an togra agus an leas a bheidh ann don phobal.**
- D'fhéadfadh sé nach n-éireodh le gach iarratas a chomhlíonann na coinníollacha nó b'fhéidir go mbeadh suim airgid níos lú i gceist. Mar sin tá sé tábhachtach go mbeadh an próiseas measúnaithe dian, chun a chinntiú, agus na cúinsí ar fad á dtabhairt san áireamh, go dtugtar tacaíocht do na tograí is fearr. Déanfaidh coiste atá curtha le chéile ag Bord

Stiúrtha an CC measúnú ar na hiarratais agus aontóidh siad moltaí i gcomhar lena chéile i dtaobh na n-iarratas, bunaithe ar chaighdeáin agus ord tosaíochta. Má mheasann an CC nach bhfuil iarratas ar bith ag teacht leis na critéir atá leagtha síos, d'fhéadfadh sé nach gceadófaí aon mhaoiniú sa chéad bhabhta seo agus go bhfógrófar an Ciste seo arís níos déanaí sa bhliain 2025.

- Is é Bord Stiúrtha Chomhar Creidmheasa Cholm Cille Teo. a dhéanfaidh an cinneadh deiridh maidir leis an maoiniú a bhronnadh nó a dhiúltú.

**Cosaint Sonraí:**

- Tá sé de fhreagracht ar gach grúpa/eagraíocht a chinntiú go gcomhlíonann siad na Rialacha Ginearálta um Chosaint Sonraí (GDPR). Nuair a chuireann iarratasóir iarratas isteach, tá siad ag aontú go ndéanfaidh Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo. próiseáil ar fhaisnéis an iarratasóra agus go bhféadfar an fhaisnéis sin a nochtadh do thríú páirtí más gá, ar mhaithe le maoiniú a riaradh, tuairisciú, luacháil agus iniúchóireacht; agus ceadaíonn iarratasóirí a n-éiríonn leo do na páirtithe seo an fhaisnéis sin a nochtadh (m.sh. ainm an iarratasóra a n-éiríonn leo, an méid airgid a tugadh, sonraí an imeachta, srl.) i dtaca le margaíocht nó bolscaireacht a dhéanamh ar an gCiste Pobail. Aontaíonn an Comhar Creidmheasa beartais chuí a chur i bhfeidhm chun sonraí iarratasóirí a choinneáil slán sábháilte; chun stop a chur le nochtadh na faisnéise gan chead nó trí thimpiste, agus cosc a chur ar rochtain nó aon athrú ar an bhfaisnéis; agus chun a chinntiú nach ndéanfar faisnéis phearsanta a phróiseáil ach amháin de réir na bhforálacha cuí den reachtaíocht um Chosaint Sonraí.
- Coinneoidh an Comhar Creidmheasa an fhaisnéis agus na cáipéisí go léir a chuireann an grúpa/eagraíocht atá ag déanamh an iarratais ar fáil ar feadh tréimhse sé bliana ón dáta a dtiocfadh deireadh leis an gcaidreamh idir an grúpa agus an comhar creidmheasa.
- Coimeádann an Comhar Creidmheasa an ceart aige féin sonraí a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Chomhair Creidmheasa agus sna meáin, ar na meáin shóisiala agus sna nuachtáin san áireamh.

**Conas a chuirfear an maoiniú ar fáil?**

Nuair a cheadófar maoiniú do d'eagraíocht, cruthófar conradh idir an eagraíocht agus an Comhar Creidmheasa.

- Leagfar síos sceideal íocaíochtaí ar bhonn céimneach agus déanfar íocaíochtaí de 80% ar a laghad den tsuim a bheidh á maoiniú chuig soláthraithe. Is féidir an 20% den mhaoiniú a chur isteach i gcuntas bainc/cuntas chomhar creidmheasa na heagraíochta.
- Aontófar freisin dáta deiridh chun an maoiniú seo a bheith íoctha leis an eagraíocht.
- Beidh ar an eagraíocht cruthúnas a chur ar fáil maidir le stádas an togra de réir mar a éilíonn an CC a leithéid seo agus beidh gá tuairisc a chur ar fáil don Chomhar Creidmheasa nuair atá an togra tugtha chun críche.
- Beidh cead ag an gComhar Creidmheasa cóipeanna de shonraisc agus mionsonraithe eile a iarradh sula ndéanfar íocaíochtaí amach.

**Íocaíocht agus Slánaíocht**

- Ní mór clúdach árachais dóthanach a bheith ag gach eagraíocht i gcás na ngníomhaíochtaí nó na seirbhísí ar fad a chuireann siad ar fáil agus iad ag baint úsáide as íocaíocht an chiste seo. Is ceist do na heagraíochtaí agus a gcomhairleoirí árachais méid agus leordhóthanacht an chlúdach árachais a dheimhniú.

- Ní ghlacfaidh **Comhar Creidmheasa Cholm Cille** aon fhreagracht orthu féin agus ní ghéillfidh sé aon dliteanas i leith aon chailliúint nó dochar a tharlaíonn i ndáil le haon togra/tograí a gcuirfear maoiniú ar fáil dóibh.

**Riachtanais maidir le Poiblíocht**
Beidh an Comhar Creidmheasa ag súil go dtabharfaidh an grúpa pobail/togra atá ag fáil maoinithe ón gciste seo neart poiblíochta don Chomhar Creidmheasa maidir leis an tacaíocht atá curtha ar fáil aige. Seo samplaí den chineál poiblíochta atá i gceist:

- Dreas fótagrafaíochta, preaseisiúint nó seoladh sa chás go bhfuil a dtoiliú tugtha ag rannpháirtithe faoi na Rialacháin um Chosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

**Má theastaíonn breis eolais,  seol r-phost chuig: eolas@cccholmcille.ie**